

## **Rolladh amach monatóirí CO<sub>2</sub> chuig scoileanna**

Rinne Lennox Laboratory Supplies Ltd nuashonrú do na scoileanna ar maidin maidir leis an seasamh i ndáil le rolladh amach monatóirí CO<sub>2</sub> chuig scoileanna.

Cé go mbeidh a leithdháiltí iomlána nó páirteacha de mhonatóirí CO<sub>2</sub> ag gach scoil faoin Aoine bheag seo (an 17 Meán Fómhair) as an 25,000 monatóir a seachadfar faoin dáta sin, bhí díomá ar an Roinn leis an scéala go mbeadh moill ann le seachadadh na baise deiridh den 10,000 monatóir CO<sub>2</sub>.

Leagtar amach sa nuashonrú ó Lennox Laboratories na saincheisteanna ba chúis leis an moill agus na céimeanna atá á nglacadh acu chun an chuid eile de leithdháiltí monatóirí CO<sub>2</sub> a chur chuig na scoileanna chomh tapa agus is féidir.

Tá roghanna sainaitheanta ag Lennox Laboratory Supplies Ltd., ar cheart go gcumasófaí leo an t-iarhméid de mhonatóirí CO<sub>2</sub> atá fágtha a dháileadh ar scoileanna go déanach i mí Mheán Fómhair/tús mhí Dheireadh Fómhair.

Idir an dá linn, féadfaidh scoil ar bith ar mian léi a socrú féin a dhéanamh chun an chuid eile de na monatóirí CO<sub>2</sub> a fháil go díreach iad féin úsáid a bhaint sonraíocht na Roinne maidir le monatóirí CO<sub>2</sub> atá leagtha amach thíos, seachas na monatóirí a fháil trí na socrúithe reatha. Féadfaidh scoileanna na sonraíochtaí sin a roinnt le soláthraithe mar threoir. Más mian le haon scoil dul ar aghaidh ar an mbealach sin ba chóir dóibh fógra a thabhairt do Lennox Laboratory Supplies Ltd. ag [CO2@lennox.ie](mailto:CO2@lennox.ie) **faoin Aoine 24 Meán Fómhair 2021. Féadtar an costas a thabhaíonn scoil as an easnamh maidir le monatóirí CO<sub>2</sub> a sholáthar a aisghabháil ón Roinn.** Déanfaidh an Roinn teagmháil dhíreach leis na scoileanna ábhartha a bhfuil an chuid eile de na monatóirí CO<sub>2</sub> faighte acu iad féin agus a chuir siad in iúl do Lennox Laboratory Supplies Ltd. d'fhonn an íocaíocht sin a shocrú níos déanaí in 2021. Sa tábla thíos leagtar amach líon iomlán na monatóirí do gach scoil agus déanfar aon íocaíochtaí le scoileanna maidir le monatóirí a sholáthraítear go díreach bunaithe ar na tairseacha atá leagtha amach sa tábla (arna choigeartú le haghaidh aon mhonatóirí a sholáthraíonn Lennox Laboratory Supplies Ltd.).

## **Sonraíocht aschuir feidhmíochta do Mhonatóirí Inaistrithe CO<sub>2</sub>**

Ní mór go mbeidh aonaid;

- in imfhálú féinchuimsitheach agus braiteoir CO<sub>2</sub> a bheith san áireamh leo ar a bhfuil taispeáint LED agus gach leictreonaic a ghabhann leis
- arna soláthar le cumhacht trí chábla USB ó ríomhaire glúine/ríomhaire nó ón bpríomhlíonra cumhachta le plocóid chuibhithe.
- in ann gléasadh go neamhspleách ar dhromchla réidh cosúil le deasc
- arna fhaomhadh le comhartha CE agus gach Treoir ábhartha AE agus Caighdeán AE, na hÉireann agus na Breataine a chomhlíonadh
- saor ó chothabháil agus arna sholáthar le treoracha oibriúcháin agus feistithe
- i bhfeireadh a tógadh le hábhar lasairmhoillitheach, atá oiriúnach le haghaidh raon teochta riocht oibriúcháin idir 0 agus 40°C agus raon bogthaise idir 0 agus 95% agus oiriúnach le húsáid i dtimpeallacht scoile

- feistithe le **braiteoir CO<sub>2</sub> Infridhearg Neamhspréite CO<sub>2</sub>**, maidir leis an mbraiteoir sin beidh an méid a leanas ann:
  - raon íosta CO<sub>2</sub> de 400 go 2,000 ppm
  - cruinneas CO<sub>2</sub> ±50 ppm +/- 3%
  - taifeach taispeána CO<sub>2</sub> 1ppm
  - saolré ionchasach braiteora CO<sub>2</sub> 10 mbliana
  - calabrú bunlíne uathoibríoch (ABC), sa chaoi go ndéanann an braiteoir CO<sub>2</sub> féinchalabrúcháin thar a shaolré
  - feistithe le taispeáint LED atá in ann; athrú idir 3 dhath ar a laghad i gcomhthráth le leibhéal chinntithe CO<sub>2</sub> , ag soláthar táscaire amhairc éasca chomh maith le léamha ar leith i ppm trí scáileán taispeána de mhéid oiriúnach

Tá sé inghlactha freisin léamha taispeána teochta agus bogthaise a sholáthar ar na haonaid.

Líon foriomlán monatóirí in aghaidh na scoile:

Bunscoileanna (Seomraí Ranga)	Monatóirí in aghaidh na Scoile
1 seomra ranga	2
2 go 4 sheomra ranga	3
5 o 8	5
9 go 12	7
13 go 16	9
17 go 20	11
21 go 24	13
25 go 30	17
31	20

Scoileanna Speisialta	Monatóirí in aghaidh na Scoile
Scoileanna Speisialta	10

Bandaí rollaithe Iar-Bhunscoileanna (Scéim In Aisce)	Monatóirí in aghaidh na Scoile
<500	20
501 go 750	25
751 go 1000	30
1000+	35